SDCC

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

South Dublin County Council

# An Creat um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí




Léigh ar líne: www.sdcc.ie



# Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin




Tá meas agus aitheantas ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas le fada ar an ngá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn, deireadh a chur le hidirdhealú agus dínit agus cearta an duine a chosaint do shaoránaigh, comhairleoirí, agus baill foirne. Tá sé seo lárnach dár bplean corparáideach, agus a chuspóir maidir le deis níos fearr a chruthú do chách, agus ár bhfís go mbeadh Baile Átha Cliath Theas ina áit a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uaillmhianta an uile dhuine anseo.  Is ea ár ngealltanas do dhaoine aonair, do phobail, agus don todhchaí agus an bunús le gach rud a dhéanaimid mar chomhlacht poiblí a fhreastalaíonn ar phobail éagsúla agus a thacaíonn leo. Tá oibleagáid dhlíthiúil faoin Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí, mar a leagtar amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 mar bhonn ag an ngealltanas seo.

Tríd an gcreat seo, atá nuashonraithe chun treoir nua Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a léiriú, leanfaimid ag obair le chéile chun ár ndualgas nua a chur chun feidhm feadh ár bhfeidhmeanna uile agus i ndearadh agus seachadadh ár seirbhísí. Tuairisceoimid freisin maidir lenár ndul chun cinn agus ár n-éachtaí i dTuarascáil Bhliantúil CCÁCT chun cuntasacht iomlán a chinntiú chuige seo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le hionadaithe ón tsochaí sibhialta a ghlac páirt sa phróiseas bailíochtaithe um measúnú comhionannais agus chearta an duine, agus gabhaim buíochas freisin le gach duine a chabhraigh chun an creat a chur ar fáil, go háirithe ár Meitheal Comhionannais agus Chearta an Duine a leanfaidh ag treorú, ag tacú, agus ag monatóiriú a chur i bhfeidhm.

Colm Ward
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# Leathanachna nÁbhar

**1.** Réamhrá

**2.** Ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

**3.** Measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

**4.** Cur i bhFeidhm

**5.** Measúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine

**6.** Tuairisciú

**Page 3** Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
**Page 5** Réamhrá
**Page 7** Measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine
**Page 13** Cur i bhFeidhm
**Page 18** Measúnú Tionchair maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine
**Page 18** Tuairisciú
**Page 19** Aguisín

# **Cuid 1** Réamhrá

D'fhorbair Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) an creat seo maidir lenár gcur i bhfeidhm leanúnach de dhualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine (an Dualgas) faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 . Leagtar amach ár ngealltanas chuige seo agus bunaítear é i bPlean Corparáideach 2025-2029.

Tá dhá oibleagáid reachtúla shonracha ach idirnasctha i gceist sa Dualgas:
Dualgas uileghabhálach (Alt 42(1)) go mbeadh aird chuí ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn; agus cearta an duine a chosaint do bhaill, bail foirne, úsáideoirí seirbhísí, agus tairbhithe beartais; agus
Dualgas straitéiseach (Alt 42(2)) chun tabhairt faoi thrí chéim mar chuid dár bpleanáil straitéiseach agus timthriall tuairiscithe:

**Measúnaigh:** tabhair faoi mheasúnú fianaisebhunaithe agus rannpháirteach ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine atá roimh an ngrúpa sainaitheanta agus a bhfuil ábharthacht acu d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí.
**Téigh i ngleic:** sainaithin agus cuir i bhfeidhm pleananna, beartais agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe le cur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine mar a measúnaíodh iad.
**Tuairiscigh:** tuairiscigh go bliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm agus maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine mar a measúnaíodh iad.

Is iad na grúpaí a sainaithníodh don Dualgas:
grúpaí a chumhdaíonn an naoi bhforas cosanta faoin reachtaíocht chomhionannais: inscne (lena n-áirítear féiniúlacht inscne); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí); aois; míchumas; claonadh gnéis; cine (lena gcuimsítear cine, dath, náisiúntacht agus bunús eitneach nó náisiúnta); reiligiún; agus ballraíocht den Lucht Siúil; grúpaí a chumhdaíonn foras an stádais shocheacnamaíoch, atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta; agus sealbhóirí cearta aonair faoi na hionstraimí ábhartha um chearta an duine.

Áirítear ar fheidhmeanna Chomhairle Contae Átha Cliath Theas:
- Fostóir
- Soláthraí seirbhíse
- Corparáideach
- Déanamh beartais
- Ionadaíoch
- Forbairt Shocheacnamaíoch
- Pleanáil agus Forbairt
- Rialáil agus Forfheidhmiú

Tá meitheal thras-rannach bunaithe ag CCÁCT chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a chur chun cinn, a bhfuil raon Ranna páirteach ann.

Tá an creat seo ailínithe leis an treoir maidir leis an Dualgas a d'eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas .

[1]Alt 42, An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

[2]Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2024) , Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm: Treoir do chomhlachtaí poiblí, dara heagrán.

# Section 2 Ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

## 2.1 Réamhrá

Uirlis atá sa ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine seo chun dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine (an Dualgas) a chur i bhfeidhm. Sainaithnítear agus sainmhínítear ann na luachanna a spreagann ár n-uaillmhian don Dualgas agus bunaítear ann tagarmharcanna maidir leis na luachanna sin uile i dtéarmaí na dtosaíochtaí atá againn, i ráiteas toraidh, agus an bealach a dtéimid i ngleic leis na tosaíochtaí sin, i ráiteas próisis. Tugtar creat sa ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine chun na gnéithe éagsúla den Dualgas a chur i bhfeidhm agus tugtar teanga chun tacú le leabú an Dualgais feadh na heagraíochta, a chinntíonn go mbíonn comhionannas agus cearta an duine lárnach do chultúr ár n-eagraíochta.

Tá an ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine seo fréamhaithe inár luachanna corparáideacha, go háirithe:

"Ionchuimsitheach agus tacúil: Táimid cineálta, tuisceanach agus cairdiúil. Tá meas againn ar an éagsúlacht inár bpobail agus oibrímid le daoine agus tugaimid linn iad. Oibrímid le chéile chun níos mó a bhaint amach. Creidimid i gcomhoibriú, i gcomhar agus i meas a bheith againn ar a chéile."

Dírítear an ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine ar na grúpaí sainaitheanta don Dualgas.

## 2.2 Ár luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

Baineann **Meas** le cóir chomhionann, cothroime agus dínit. Baineann sé le cearta a bheith agat agus iad a fheidhmiú, agus cuntasacht agus iarmhairtí i gcás ina sáraítear cearta.

**Ráiteas toraidh:** Cuireann CCÁCT chun cinn meas ar chearta na ndaoine a gcuirimid seirbhísí dóibh, chomh maith le cearta na mball foirne agus na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta.
**Ráiteas próisis:** Oibríonn CCÁCT lena chinntiú: go mbíonn beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna leithcheala nó ciaptha a d'fhéadfadh a bheith acu siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, ag an bhfoireann agus ag tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta; agus go bhfuil sé de chumas ag na grúpaí seo fios a bheith acu ar a gcearta agus iad a fheidhmiú chuige seo.

Baineann **Rannpháirtíocht** leis an deis tuairim a chur in iúl, cluas éisteachta a fháil, agus tionchar a imirt. Baineann sí le daoine a bheith páirteach i bpróisis chinnteoireachta agus cur lena gcumas chun tionchar a imirt.
**Ráiteas toraidh:** Oibríonn CCÁCT chun neartú a dhéanamh ar ghuth na ndaoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, ar ghuth na foirne, agus ar ghuth na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta agus chun a gcumas le bheith rannpháirteach go gníomhach agus tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann difear dóibh a chinntiú.
**Ráiteas próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: ina mbíonn na daoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, an fhoireann, agus tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta páirteach ina struchtúir agus próisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta; agus cinntíonn sí go bhfaigheann siad aiseolas maidir le tionchar a rannpháirtíochta.



Baineann **Inrochtaineacht** le héagsúlacht agus leis na riachtanais ar leith a eascraíonn as éagsúlacht agus an bealach a bhfíoraíonn daoine a bhféiniúlacht. Baineann sé le heolas ar na riachtanais shonracha sin, agus solúbthacht agus inoiriúnaitheacht sa fhreagairt orthu.
**Ráiteas toraidh:** Oibríonn CCÁCT lena chinntiú go bhfuil foirgnimh agus bonneagar inrochtana, agus go gcumasaítear rochtain san ionad oibre, trí sheirbhísí a sheachadtar, agus a chuirtear in iúl dóibh siúd as na grúpaí sainaitheanta, ag plé leis na páirtithe leasmhara uile lena chinntiú go dtacaítear leis an toradh seo agus go bhfuil acmhainní ar fáil ina leith.
**Ráiteas próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: a phléann leo siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, leis an bhfoireann, agus le tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta chun freagairt éifeachtach a shainaithint agus a bhunú dá riachtanais shonracha; déanann sí teagmháil agus cinntíonn sí fáilte roimh na grúpaí sin ina cuid oibre agus ina háitreabh; agus cuireann sí chun cinn inrochtaineacht i gcaighdeáin a leagtar amach agus i gcritéir mhaoinithe.

Baineann **Ionchuimsitheacht** le bheith infheicthe, páirteach, agus mar chuid luachmhar agus ghníomhach de shochaí, de phobal, d'ionad oibre, agus den tsochaí shibhialta. Baineann sí le hathrú a bhaint amach agus torthaí a fheabhsú, agus bonn eolais a chur faoi roghanna agus iad a chumasú.
**Ráiteas toraidh:** Tugann CCÁCT ceannaireacht agus rannchuidíonn sí le hacmhainní, agus féachann sí le hathrú agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach dóibh siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, don fhoireann, agus do thairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, agus féachann sí lena chinntiú go bhfuil roghanna ábhartha ar fáil dóibh a léiríonn a roghanna feasacha.
**Ráiteas próisis**: Oibríonn CCÁCT ar bhealach a sholáthraíonn tacaíochtaí breise dóibh siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, don fhoireann, agus do thairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta lena gcumasú le bheith mar chuid luachmhar agus ghníomhach de shochaí, de phobal, d'ionad oibre, agus den tsochaí shibhialta, lena n-áirítear trí dhíriú ar na grúpaí sin agus labhairt leo; agus ar bhealach a chumasaíonn na grúpaí sin chun a n-éagsúlacht agus a gcumas a thaispeáint.

# **Cuid 3** Measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

## 3.1 Réamhrá

Tá an measúnú seo ar chomhionannas agus cearta an duine riachtanach faoin Dualgas straitéiseach (Alt 42(2))[3] . Tugadh faoi chun ailíniú leis an treoir arna heisiúint ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas . Freastalaíonn sé ar ár gcur i bhfeidhm den Dualgas straitéiseach agus den Dualgas uileghabhálach, á n-idirnascadh go héifeachtúil.

Bunaítear leis an measúnú seo na saincheisteanna sin atá roimh na grúpaí sainaitheanta don Dualgas agus is gá go mbeadh aird chuí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) air sin agus a feidhmeanna á gcomhlíonadh. Áirítear le feidhmeanna CCÁCT: fostóir; soláthraí seirbhíse; corparáideach; déanamh beartais; ionadaíoch; forbairt shocheacnamaíoch; pleanáil agus forbairt; agus rialáil agus forfheidhmiú.

Baineann na saincheisteanna seo le: Cás an ghrúpa i dtéarmaí a rochtain ar acmhainní agus aon mhíbhuntáiste ar leith a bhíonn acu; Eispéireas an ghrúpa i dtéarmaí chineál agus cháilíocht a n-idirghníomhaíochta le fostóirí agus soláthraithe seirbhíse agus leis an sochaí níos leithne; agus Féiniúlacht an ghrúpa i dtéarmaí an chaoi a roghnaíonn siad chun a bhféiniúlacht a chur in iúl agus an bealach ina n-aithnítear agus a dtéitear i ngleic leis na riachtanais ar leith a eascraíonn as seo.
Ní measúnú é seo ar fheidhmíocht CCÁCT, ná ar a cuid oibre agus tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí maidir le comhionannas agus cearta an duine.

Baineann na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a sainaithníodh thíos leis na grúpaí sainaitheanta mura dtugtar a mhalairt le fios. Úsáidtear ár gceithre luach, is iad sin meas, rannpháirtíocht, inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht mar chreat chun an measúnú ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a leagan amach.

## 3.2 Measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine

Baineann **Meas** le cóir chomhionann, cothroime agus dínit. Baineann sé le cearta a bheith agat agus iad a fheidhmiú, agus cuntasacht agus iarmhairtí i gcás ina sáraítear cearta. I measc na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a sainaithníodh atá roimh na grúpaí sainaitheanta tá:

- Idirdhealú, ar leibhéal aonair agus ar leibhéal córasach, araon.
- Eispéiris de bhulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach.
- Steiréitíopáil, claonadh, toimhdí contráilte, agus réamhchlaonadh lena múnlaítear:
  - Cinnteoireacht
  - Ionchais; agus
  - Roghanna a dhéantar

[3] Cleachtadh fianaisebhunaithe agus rannpháirteach a bhí anseo. Tá an bonn fianaise ar fáil i ndoiciméad ar leithligh, agus áirítear ann tuarascáil ar chruinniú athbhreithnithe ar an dréachtmheasúnú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

[4] Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2024) , Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm: Treoir do chomhlachtaí poiblí, dara heagrán.


SDCC


CALIFORNIAN

- Eagla agus saincheisteanna sábháilteachta pearsanta i spásanna poiblí. Saincheisteanna foréigin, lena n-áirítear:
  - Foréigean teaghlaigh;
  - Drochíde ar sheanóirí; agus
  - Coir fuatha agus fuathchaint
- Eispéireas ar aonrú, lena n-áirítear:
  - Daoine níos sine gan rochtain ar iompar poiblí agus a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu;
  - Leanaí ó theaghlaigh imirceach i suíomhanna oideachais; agus
  - Daoine faoi mhíchumas gan rochtain ar iompar poiblí agus atá i bhfad ó chonláistí
- Easpa eolais ar bheartais eagraíochtúla ábhartha ar na saincheisteanna seo, agus ar shásraí sásaimh.
- Cur i bhfeidhm neamhleor na mbeartas ábhartha ar na saincheisteanna seo, agus na sásraí sásaimh.

Baineann **Rannpháirtíocht** leis an deis tuairim a chur in iúl, cluas éisteachta a fháil, agus tionchar a imirt. Baineann sí le daoine a bheith páirteach i bpróisis chinnteoireachta agus cur lena gcumas chun tionchar a imirt.

I measc na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a sainaithníodh atá roimh na grúpaí sainaitheanta tá:

- Próisis chomhairliúcháin neamhleora nó mhíchuí agus easpa comhairliúcháin.
- Tearcionadaíocht i struchtúir agus i gcoistí a mbíonn tionchar acu nó a dhéanann cinntí.
- Easpa aiseolais ó rannpháirtíocht i bpróisis chomhairliúcháin nó rannpháirteacha.
- Tearcionadaíocht sa pholaitíocht agus i bpoist cheannaireachta laistigh de shaol na polaitíochta agus den réimse polaitiúil.
- Easpa rannpháirtíochta i vótáil toghcháin.
- Easpa muiníne, scileanna nó acmhainní chun rannpháirtíocht éifeachtach a chumasú i bpróisis chomhairliúcháin agus rannpháirteacha.
- Gan aon eagrú nó gan a ndóthain acmhainní a bheith ann i gcomhair eagrúcháin laistigh de ghrúpaí sainaitheanta chun rannpháirtíocht éifeachtach i bpróisis rannpháirteacha chomhairliúcháin agus ionadaíochta a chumasú.

Baineann **Inrochtaineacht** le héagsúlacht agus leis na riachtanais ar leith a eascraíonn as éagsúlacht agus an bealach a bhfíoraíonn daoine a bhféiniúlacht. Baineann sé le heolas ar na riachtanais shonracha sin, agus solúbthacht agus inoiriúnaitheacht sa fhreagairt orthu. I measc na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a sainaithníodh atá roimh na grúpaí sainaitheanta tá:

**Gan difríochtaí a chur san áireamh agus gan oiriúnú agus gan freagairt do riachtanais ar leith daoine as na grúpaí sainaitheanta:**

- san ionad oibre;
- i ndearadh agus seachadadh seirbhísí;
- i ndearadh agus oiriúnú an bhonneagair fhisiciúil agus na bhfoirgneamh, tithíocht san áireamh;
- i gcumarsáid agus soláthar faisnéise, lena n-áirítear cásanna aistriúcháin agus ateangaireachta; agus
- i bpróisis chomhairliúcháin agus rannpháirteacha

- Teagmháil easnamhach nó mhíchuí le daoine as na grúpaí sainaitheanta chun riachtanais ar leith agus an chaoi le dul i ngleic leo sin ar an mbealach is fearr a shainaithint.
- Easpa aitheantais ar thrasnachas agus éagsúlacht agus easpa freagartha dóibh laistigh de na grúpaí sainaitheanta agus laistigh de bhearta dírithe ar na grúpaí sin.
- Teip chun éagsúlacht a chur chun cinn mar chritéar i ndéanamh deontais agus iarratais mhaoinithe chun rannpháirtíocht daoine ó na grúpaí sainaitheanta agus tairbhí dóibh a chinntiú.
- Brú chun féiniúlacht duine a cheilt san ionad oibre, i suíomhanna oibre, agus i soláthar seirbhísí, lena n-áirítear:
  - An Lucht Siúil;;
  - Daoine faoi mhíchumas; agus
  - Daoine LADT
- Easpa eolais agus tuisceana ar an éagsúlacht agus ar an gcaoi le freagairt dá himpleachtaí praiticiúla.
- Easpa muiníne in institiúidí nó eagraíochtaí chun freagairt go hiomchuí don éagsúlacht.

Baineann **Ionchuimsitheacht** le bheith infheicthe, páirteach, agus mar chuid luachmhar agus ghníomhach de shochaí, de phobal, d'ionad oibre, agus den tsochaí shibhialta. Baineann sí le hathrú a bhaint amach agus torthaí a fheabhsú, agus bonn eolais a chur faoi roghanna agus iad a chumasú. I measc na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha a sainaithníodh atá roimh na grúpaí sainaitheanta tá:

- **Leibhéil ísle fostaíochta, agus ardleibhéil dífhostaíochta, tearcfhostaíochta, agus dífhostaíochta fadtéarmaí, lena n-áirítear:**
  - Daoine faoi mhíchumas;
  - Daoine dubha agus mionlaigh, an Lucht Siúil san áireamh;
  - Daoine óga; agus
  - Foras um stádas socheacnamaíoch
- Bacainní le rochtain ar ardú céime agus dul chun cinn i bhfostaíocht, lena n-áirítear mná agus daoine dubha agus mionlaigh eitneacha.
- Easpa dídine, drochdhálaí maireachtála, tithíocht mhíchuí, agus róphlódú, lena n-áirítear:
  - Daoine níos sine;
  - Daoine dubha agus mionlaigh, daoine Romacha agus an Lucht Siúil san áireamh; agus
  - Daoine faoi mhíchumas





- Bochtaineacht, díothacht, agus ioncam íseal, lena n-áirítear
  - Daoine óga;
  - Mná;
  - Daoine faoi mhíchumas;
  - Daoine dubha agus mionlaigh, daoine Romacha agus an Lucht Siúil san áireamh; agus
  - Foras um stádas socheacnamaíoch.

- Easpa áiseanna inrochtana, leordhóthanacha agus iomchuí.
- Míbhuntáiste oideachais, lena n-áirítear:
  - Daoine faoi mhíchumas;
  - An Lucht Siúil;
  - Daoine Romacha; agus
  - Foras um stádas socheacnamaíoch.
- Easpa rochtana ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus easpa dul chun cinn iontu, lena n-áirítear:
  - Daoine níos sine agus saincheisteanna inacmhainneachta, infhaighteacht iompair, agus inrochtaineacht ionaid; agus
  - Easpa deiseanna foghlama feadh an tsaoil
- Leibhéil ísle litearthachta.
- Éagothroime sláinte, lena n-áirítear:
  - Ardrátaí básmhaireachta agus ionchas saoil íseal i measc phobal an Lucht Siúil;
  - Rochtain ar sheirbhísí sláinte agus torthaí astu do dhaoine dubha agus mionlaigh, daoine Romacha san áireamh; agus
  - Minicíocht agus taithí ar shaincheisteanna meabhairshláinte agus easpa seirbhísí meabhairshláinte.
- Easpa seirbhísí iompair phoiblí inrochtana, inacmhainne agus solúbtha.
- Easpa infheistíochta dírithe ar riachtanais na ngrúpaí sainaitheanta agus torthaí a chinntiú do na grúpaí a sainaithníodh.
- Easpa comhordaithe seirbhísí agus tacaíochtaí chun riachtanais daoine ó na grúpaí sainaitheanta a chomhlíonadh, lena n-áirítear:
  - Maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas
- Easpa neamhspleáchais, féinriar agus féintreoraithe, lena n-áirítear:
- Gaibhniú i suíomhanna bailithe lena n-áirítear:
  - Daoine níos sine i suíomhanna cúraim cónaithe;
  - Daoine faoi mhíchumas i suíomhanna cúraim institiúidigh; agus
  - Dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn i suíomhanna soláthair dhírigh.
  - Spleáchas ar thuismitheoirí do dhaoine óga.
- Eisiamh digiteach agus éagothroime i dtéarmaí easpa trealaimh agus bonneagair agus easnamh scileanna agus eolais.
- Easpa roghanna agus conairí chun ardaidhmeanna agus uaillmhianta a chur chun cinn.
- Easpa faisnéise agus comhairle i ndáil le teidlíochtaí, seirbhísí, tacaíocht agus gníomhaíochtaí chun rogha agus rialú ar shaol duine a chumasú.



# **Cuid 4** Cur i bhFeidhm

## 4.1 Cur i bhfeidhm a chumasú

### Ceannaireacht

Tá ról lárnach ag an bhFoireann Ardbhainistíochta (SMT) chun ceannaireacht a thabhairt chun an creat seo a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh an SMT an méid a leanas:

- beidh siad iomlán eolasach ar an Dualgas agus a cheanglais;
- tabharfaidh siad faoi theachtaireachtaí lena gcuirtear chun cinn an Dualgas, a chumas, agus uaillmhianta CCÁCT dá chur i bhfeidhm; agus
- áireoidh siad fócas ar an Dualgas i gcuir i láthair agus cumarsáidí foirne.

Beidh an Fhoireann Bhainistíochta Leathnaithe: iomlán eolasach ar an Dualgas agus tabharfaidh sí ceannaireacht dá chur i bhfeidhm feadh gach réimse de CCÁCT.

### Treallús

Déanfaidh seirbhísí corparáideacha comhordú agus cumasóidh siad cur i bhfeidhm an Dualgais feadh CCÁCT.

Treoróidh seirbhísí corparáideacha meitheal thraseagraíochtúil maidir le comhionannas agus cearta an duine chun tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais, lena n-áirítear:

- Plean oibre bliantúil a ullmhú chun feidhm a thabhairt don chreat seo, ina sainaithnítear:
  - Príomhphointí chun an Dualgas uileghabhálach a chur i bhfeidhm i bhforbairt nó athbhreithniú pleananna, straitéisí beartais, clár, scéimeanna, beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;
  - Gníomhaíochtaí, pleananna agus beartais chun feidhm a thabhairt don Dualgas straitéiseach chun díriú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus/nó ceann amháin nó níos mó de na grúpaí sainaitheanta don Dualgas; agus
  - Na céimeanna le glacadh chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a chumasú;
- Tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais, comhairle a thabhairt i ndáil leis, agus feidhmiú mar phointí teagmhála ina leith ina rannóga faoi seach de CCÁCT;
- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm córas monatóireachta feadh CCÁCT chun dul chun cinn a dhéantar ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a rianú tar éis chur i bhfeidhm an Dualgais i ndáil le:
  - torthaí nua do na grúpaí sainaitheanta don Dualgas;
  - forbairtí agus feabhsúcháin i seachadadh ár bhfeidhmeanna;
  - céimeanna a glacadh chun fócas a leabú ar chomhionannas agus cearta an duine inár gcinnteoireacht; agus céimeanna a glacadh chun cur i bhfeidhm an Dualgais a chumasú; agus
- Cinntiú go ndéantar measúnú ar chomhionannas agus cearta an duine ar fáil don phobal, glacadh le haiseolas leanúnach air seo, agus é a choinneáil faoi athbhreithniú ar bhonn bliantúil; agus
- Machnamh bliantúil a chur chun cinn agus a thacú maidir le dul chun cinn a dhéantar ar an Dualgas a chur i bhfeidhm, agus, le tacaíocht ó gach Rannóg, tuarascáil a fhorbairt ar an dul chun cinn seo agus ar éachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine mar a measúnaíodh, lena n-áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil.

### Acmhainneacht

Cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil do bhaill na Meithle Comhionannais agus Chearta an Duine traseagraíochtúil chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a spreagadh agus a thacú go héifeachtach, bunaithe ar an gcreat seo.

Cuirfear modúl oiliúna ar fáil agus éascófar é maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm gach bliain dóibh siúd atá freagrach as tabhairt faoi mheasúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine. Níos ginearálta, éascófar seisiúin taithíochta ar an Dualgas don fhoireann chun a rannpháirtíocht leis an Dualgas agus tacaíocht do na huaillmhianta lena mbaineann a chumasú.

Díreofar ar chomhionannas, cearta an duine, agus an Dualgas san anailís ar riachtanais oiliúna agus in aon straitéis oiliúna a thagann as seo don CCÁCT.

Áireofar comhionannas, cearta an duine, agus an Dualgas mar fhócas in oiliúint bhainistíochta, in oiliúint ionduchtaithe agus in oiliúint do Chomhaltaí Tofa.

### Cumarsáid

Áireofar i Straitéis Chumarsáide CCÁCT tionscnaimh cumarsáide chun fócas leanúnach agus ugach a thabhairt don chreat seo, mar seo a leanas:

- an fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn a dhéantar i gcur i bhfeidhm an Dualgais,
- éachtaí i ndul chun cinn maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm a cheiliúradh agus maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine,
- dul i ngleic le luachanna comhionannais agus chearta an duine agus a dtagarmharcanna chun tosaíochtaí dóibh sin a chothú go cruthaitheach inár gcultúr eagraíochtúil, agus
- díospóireacht a spreagadh ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine.

Tabharfar coimriú do chomhairleoirí maidir leis an Dualgas agus a impleachtaí agus maidir leis an bplean cur i bhfeidhm seo, ar bhonn leanúnach trí struchtúir na Comhairle.
Seachadfar feachtas cumarsáide ina n-áireofar ceardlanna/cuir i láthair comhdhála foirne.
Coinnítear leathanach tiomanta faoin Dualgas ar an Inlíon cothrom le dáta mar acmhainn don fhoireann.

Coinnítear leathanach tiomanta ar shuíomh gréasáin CCÁCT cothrom le dáta chun an pobal a chur ar an eolas faoin gcreat seo don Dualgas, ár bpleananna gníomhaíochta bliantúla chun feidhm a thabhairt don chreat seo, agus ár dtuarascálacha bliantúla maidir le dul chun cinn agus éachtaí, ar bhealach atá comhlíontach le ceanglais faoin Dualgas.

## 4.2 Bunchlocha

Áirítear sa Phlean Corparáideach rannóg thiomanta faoin Dualgas, ina leagtar amach an creat seo ina n-áirítear an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus na céimeanna atá á nglacadh againn chun an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Bunaítear sa Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse na réimsí sin a dtabharfar aird orthu sa phlean gníomhaíochta bliantúil chun feidhm a thabhairt don chreat seo. Sa Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse sainaithnímid:

- Spleananna sonracha, straitéisí beartais, cláir, scéimeanna, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha le forbairt nó le hathbhreithniú ar a ndéanfar measúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine;
- gníomhaíochtaí, pleananna agus beartais spriocdhírithe atá i bhfeidhm chun díriú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ar leith nó ceann amháin nó níos mó de na grúpaí sainaitheanta don Dualgas; agus
- céimeanna beartaithe a chumasóidh ár gcur i bhfeidhm leanúnach den Dualgas.

## 4.3 An Dualgas Uileghabhálach a Chur i bhFeidhm

Is iad na príomhphointí chun measúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine a chur i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt don Dualgas foriomlán ná forbairt nó athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a leanas:

- Pleananna
- Straitéisí beartais, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP),
- Cláir
- Scéimeanna, agus
- Beartais agus nósanna imeachta inmheánacha.

Beidh na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gcuid 5 thíos i gceist anseo.

Beidh nuashonrú beartas agus nósanna imeachta i ndáil lenár bhfeidhm rialála agus i ndáil le soláthar agus maoiniú nó cúnamh deontais, amhail is gur féidir leo feidhm a thabhairt don Dualgas, go sonrach trína chur ar aghaidh ar bhealach iomchuí i gceist le príomhphointí chun an Dualgas uileghabhálach a chur i bhfeidhm.

## 4.4 An Dualgas Straitéiseach a Chur i bhFeidhm

Sainaithnítear gníomhaíochtaí, pleananna agus beartais sonracha go bliantúil, atá i bhfeidhm nó a bheartaítear, chun díriú ar shaincheisteanna tosaíochta ón measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine nó ceann amháin nó níos mó de na grúpaí sainaitheanta don Dualgas.

Áirítear orthu sin faoi láthair:

- Straitéis Aoisbháúil
- Plean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Straitéis Imeasctha Imirceach
- Beartas um Dhínit ag an Obair



# **Roinn 5** Measúnú Tionchair maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine

Tugtar faoin measúnú tionchair maidir le comhionannas agus cearta an duine i gcomhlíontacht leis an Dualgas uileghabhálach, mar chuid d'fhorbairt nó athbhreithniú pleananna, straitéisí beartais, clár, scéimeanna, beartas agus nósanna imeachta inmheánacha (Féach Cuid 4.2 thuas).

Cuirtear i bhfeidhm an chéim 'dul i ngleic' den Dualgas mar chuid d'fhorbairt nó athbhreithniú pleananna, straitéisí beartais, clár agus scéimeanna, beartas agus nósanna imeachta inmheánacha.

**Ag tús an phróisis forbartha / athbhreithnithe:**

- Déan athbhreithniú ar an measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine, ón liosta faoi gach luach, na saincheisteanna sin maidir le comhionannas agus cearta an duine atá ábhartha do phlean, beartas, straitéis, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach ar leith.
- Bailigh na sonraí agus an fhaisnéis atá ar fáil i ndáil leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha.
- Déan athbhreithniú ar an ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus cearta an duine chun na ráitis toraidh a asbhaint (má bhaineann sé le plean, beartas, straitéis, clár nó scéim) nó ráitis phróisis (má bhaineann sé le beartas nó nós imeachta inmheánach) atá ábhartha.
- Áirigh an t-ábhar seo in aon choimre don phróiseas forbartha / athbhreithnithe.

**Agus an próiseas forbartha / athbhreithnithe á chur i bhfeidhm:**

- Áirigh scrúdú ar na saincheisteanna ábhartha maidir le comhionannas agus cearta an duine in aon mheasúnú nó athbhreithniú comhthéacsúil a dhéantar don phlean, straitéis beartais, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach.
- Cuir na hoibleagáidí faoin Dualgas ar aghaidh chuig aon chomhairleoirí seachtracha a fhaightear ar conradh agus cinntigh go bhfuil an t-eolas iomlán acu chuige seo.
- Rianaigh na saincheisteanna ábhartha maidir le comhionannas agus cearta an duine lena chinntiú go dtéitear i ngleic leo agus na tagarmharcanna luachanna lena chinntiú go gcloítear leo.





**Ag an gcéim dheiridh den phróiseas forbartha / athbhreithnithe:**

Seiceálfaidh an mheitheal:

- An nglactar agus an dtugtar aghaidh sa dréacht go leordhóthanach ar gach ceann de na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha don phlean, straitéis bheartais, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach?
- An gcuirtear ar aghaidh ráiteas tosaíochta /ráiteas próisis go leordhóthanach arna sainaithint mar ábhartha don phlean, straitéis bheartais, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach?
- An áirítear sa dréacht aon fhoráil a d'fhéadfadh a bheith i gcontrárthacht lenár luachanna comhionannais agus chearta an duine nó le haon fhreagairt éifeachtúil leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha?
- Déan cleachtadh rannpháirteach, do thionscnaimh scála, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht thar ceann na ngrúpaí sainaitheanta lena sheiceáil go sainaithnítear saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine agus go dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach.

**Tar éis an phróisis forbartha / athbhreithnithe:**

- Bunaigh agus cur i bhfeidhm córais chun dul chun cinn a rianú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha.
- Tuairiscigh go bliantúil ar dhul chun cinn maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a rinneadh i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna lena mbaineann. Úsáid an tuarascáil seo chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn sin agus chun an plean, straitéis bheartais, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach a neartú.

# **Cuid 6** Tuairisciú

Cuirfear i bhfeidhm céim thuarascála an Dualgais le díriú ar na céimeanna a ghlactar chun an Dualgas a chur i bhfeidhm agus an plean gníomhaíochta bliantúil chuige seo, agus ar na héachtaí tar éis an Dualgas a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine de réir mar a measúnaíodh iad.

**I bhfócas na tuarascála seo ar na héachtaí sin, rachfar i ngleic leis an méid a leanas:**

- feabhsúcháin i bpróisis CCÁCT chun fócas a leabú ar chomhionannas agus cearta an duine;
- forbairtí agus feabhsúcháin i seachadadh ár bhfeidhmeanna; agus
- torthaí nua do na grúpaí a sainaithníodh don Dualgas.

Foilseofar an tuarascáil seo mar chuid de thuarascáil bhliantúil CCÁCT. Áireofar san ullmhúchán ar an tuarascáil seo próiseas machnaimh ar an dul chun cinn a rinneadh. I gcás ina meastar go bhfuil dul chun cinn easnamhach, ceadóidh sé seo: mionleasuithe a dhéanamh le pleananna, straitéisí beartais, cláir, scéimeanna, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha; gníomhaíochtaí, beartais agus pleananna spriocdhírithe breise le cur i bhfeidhm; agus gníomh breise le sainaithint agus le glacadh chun cur i bhfeidhm an Dualgais a neartú.



# Aguisín:

### Teimpléad maidir le Measúnú Tionchair maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine

## 1. Cuspóir agus Raon feidhme Plean, Straitéise beartais, Cláir, Scéime, Beartais nó Nós Imeachta Inmheánaigh

Leag amach cuspóir agus tairbhithe a bunaíodh don phlean, straitéis bheartais, clár, scéim, beartas nó nós imeachta inmheánach

| |
|---|
| |

## 2. Céim 'Dul i ngleic'

Baineann **Meas** le cóir chomhionann, cothroime agus dínit. Baineann sé le cearta a bheith agat agus iad a fheidhmiú, agus cuntasacht agus iarmhairtí i gcás ina sáraítear cearta.

**Ráiteas Toraidh:** Cuireann CCÁCT chun cinn meas ar chearta na ndaoine a gcuirimid seirbhísí dóibh, chomh maith le cearta na mball foirne agus na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta.
**Ráiteas Próisis:** Oibríonn CCÁCT lena chinntiú: go mbíonn beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna leithcheala nó ciaptha a d'fhéadfadh a bheith acu siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, ag an bhfoireann agus ag tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta; agus go bhfuil sé de chumas ag na grúpaí seo fios a bheith acu ar a gcearta agus iad a fheidhmiú chuige seo.

| Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha | An ndeachthas i ngleic leis sa dréacht reatha – chuathas, ní dheachthas, i bpáirt? | Cuid/Codanna ábhartha i gcás ina ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist | Leasuithe is gá chun dul i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí leis an tsaincheist |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Baineann **Rannpháirtíocht** leis an deis tuairim a chur in iúl, cluas éisteachta a fháil, agus tionchar a imirt. Baineann sí le daoine a bheith páirteach i bpróisis chinnteoireachta agus cur lena gcumas chun tionchar a imirt.

**Ráiteas Toraidh:** Oibríonn CCÁCT chun neartú a dhéanamh ar ghuth na ndaoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, ar ghuth na foirne, agus ar ghuth na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta agus chun a gcumas le bheith rannpháirteach go gníomhach agus tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann difear dóibh a chinntiú.
**Ráiteas Próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: ina mbíonn na daoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, an fhoireann, agus tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta páirteach ina struchtúir agus próisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta; agus cinntíonn sí go bhfaigheann siad aiseolas maidir le tionchar a rannpháirtíochta.

Baineann **Rannpháirtíocht** leis an deis tuairim a chur in iúl, cluas éisteachta a fháil, agus tionchar a imirt. Baineann sí le daoine a bheith páirteach i bpróisis chinnteoireachta agus cur lena gcumas chun tionchar a imirt.

**Ráiteas Toraidh:** Oibríonn CCÁCT chun neartú a dhéanamh ar ghuth na ndaoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, ar ghuth na foirne, agus ar ghuth na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta agus chun a gcumas le bheith rannpháirteach go gníomhach agus tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann difear dóibh a chinntiú.

**Ráiteas Próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: ina mbíonn na daoine a soláthraímid seirbhísí dóibh, an fhoireann, agus tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta páirteach ina struchtúir agus próisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta; agus cinntíonn sí go bhfaigheann siad aiseolas maidir le tionchar a rannpháirtíochta.



| Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha | An ndeachthas i ngleic leis sa dréacht reatha – chuathas, ní dheachthas, i bpáirt? | Cuid/Codanna ábhartha i gcás ina ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist | Leasuithe is gá chun dul i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí leis an tsaincheist |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Baineann **Inrochtaineacht** le héagsúlacht agus leis na riachtanais ar leith a eascraíonn as éagsúlacht agus an bealach a bhfíoraíonn daoine a bhféiniúlacht. Baineann sé le heolas ar na riachtanais shonracha sin, agus solúbthacht agus inoiriúnaitheacht sa fhreagairt orthu.

**Ráiteas Toraidh:** Oibríonn CCÁCT lena chinntiú go bhfuil foirgnimh agus bonneagar inrochtana, agus go gcumasaíonn eagraíochtaí rochtain, trína seirbhísí, ionaid oibre agus a cumarsáidí dóibh siúd as na grúpaí sainaitheanta, ag rannpháirtiú leis na páirtithe leasmhara uile lena chinntiú go dtacaítear leis an toradh seo agus go bhfuil acmhainní aige.

**Ráiteas Próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: a phléann leo siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, leis an bhfoireann, agus le tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta chun freagairt éifeachtach a shainaithint agus a bhunú dá riachtanais shonracha; déanann sí teagmháil agus cinntíonn sí fáilte roimh na grúpaí sin ina cuid oibre agus ina háitreabh; agus cuireann sí chun cinn inrochtaineacht i gcaighdeáin a leagtar amach agus i gcritéir mhaoinithe.

| Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha | An ndeachthas i ngleic leis sa dréacht reatha – chuathas, ní dheachthas, i bpáirt? | Cuid/Codanna ábhartha i gcás ina ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist | Leasuithe is gá chun dul i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí leis an tsaincheist |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Baineann **Ionchuimsitheacht** le bheith infheicthe, páirteach, agus mar chuid luachmhar agus ghníomhach de shochaí, de phobal, d'ionad oibre, agus den tsochaí shibhialta. Baineann sí le hathrú a bhaint amach agus torthaí a fheabhsú, agus bonn eolais a chur faoi roghanna agus iad a chumasú.

**Ráiteas Toraidh:** Tugann CCÁCT ceannaireacht agus rannchuidíonn sí le hacmhainní, agus féachann sí le hathrú agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach dóibh siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh, don fhoireann, agus do thairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, agus féachann sí lena chinntiú go bhfuil roghanna ábhartha ar fáil dóibh a léiríonn a roghanna feasacha.

**Ráiteas Próisis:** Oibríonn CCÁCT ar bhealach: a sholáthraíonn tacaíochtaí breise dóibh siúd a soláthraímid seirbhísí, don fhoireann, agus do thairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta lena gcumasú le bheith mar chuid luachmhar agus ghníomhach de shochaí, de phobal, d'ionad oibre, agus de shochaí shibhialta, lena n-áirítear trí dhíriú ar na grúpaí sin agus labhairt leo; agus a chumasaíonn na grúpaí sin chun a n-éagsúlacht agus a gcumas a thaispeáint.

| Saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha | An ndeachthas i ngleic leis sa dréacht reatha – chuathas, ní dheachthas, i bpáirt? | Cuid/Codanna ábhartha i gcás ina ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist | Leasuithe is gá chun dul i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí leis an tsaincheist |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |





## 3. Ailíniú leis an Dualgas agus le Cur chuige Luachanna-treoraithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas lena Chur i bhFeidhm

An bhfuil an téacs sa Phlean, Straitéis bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach leordhóthanach? Mura bhfuil, cén téacs breise ba cheart a áireamh le tagairt don Dualgas?

An léiríonn an téacs sa Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach luachanna agus an ailíníonn sé leis an ráiteas toraidh nó ráiteas tosaíochta díobh seo, de réir mar a leagtar amach i Ráiteas Luachanna Chomhairle Contae Átha Cliath Theas? Mura léiríonn, cén leasú breise is gá?

An bhfuil na príomhtháscairí feidhmíochta a shainaithnítear don Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós imeachta Inmheánach leordhóthanach chun dul chun cinn a rianú agus tuairisciú ar éachtaí maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha? Mura léiríonn, cén leasú breise is gá?

## 4. Treorach chun an Teimpléad a Úsáid

**1.** Ag tús an phróisis chun an Plean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach a fhorbairt/athbhreithniú:

a. Bunaigh cuspóir agus raon feidhme an Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach d'fhonn rianú a dhéanamh ar ábharthacht na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a roghnaíodh chun dul i ngleic leo.

b. Asbhain na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine atá ábhartha don Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach seo, ó mheasúnú Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine.

c. Nótáil gach saincheist ábhartha i gcolún 1 den teimpléad

**2.** Le linn an phróisis chun an Plean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach a fhorbairt/athbhreithniú:

a. a. Bailigh na sonraí agus an fhaisnéis ábhartha is gá le bheith mar bhunús le freagra ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha, ag úsáid chuid fianaisebhunaithe mheasúnú Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine.

b. b. Déan machnamh ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha, mar chuid den phróiseas chun an Plean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach a fhorbairt/athbhreithniú.



**3.** I dtreo dheireadh an phróisis chun an Plean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach a fhorbairt/athbhreithniú:

**a.** Déan seiceáil foirmiúil ar an dréacht-Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó

Nós imeachta Inmheánach lena chinneadh cé acu ar tugadh nó nár tugadh aghaidh ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaithint mar ábhartha go leordhóthanach sa dréacht reatha, ag bunú aon bhearnaí chuige sin.

i. Nótáil i gcolún 2 cé acu ar tugadh aghaidh go hiomlán, i bpáirt nó nár tugadh aghaidh sa dréacht seo, agus i gcolún 3 an áit ina dtugtar aghaidh orthu.

ii. Sainaithin an bhfuil agus cén chaoi a bhféadfaí aghaidh níos leordhóthanaí agus níos iomchuí a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach i gcolún 4.

iii. Comhlánaigh na trí cheist dheireanacha sa teimpléad, ag seiceáil maidir leis an bPlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach:

1. An áirítear ann téacs leordhóthanach agus iomchuí maidir leis an Dualgas agus a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas forbartha/athbhreithnithe?
2. An bhfuil sé ailínithe le Cur chuige luachanna-treoraithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i leith chur i bhfeidhm an Dualgais, agus
3. An áirítear ann príomhtháscairí feidhmíochta leordhóthanacha agus iomchuí chun rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine, arna sainaithint mar ábhartha?

**b.** De réir mar is iomchuí, i gcás mór-Phlean, Straitéis Bheartais, Cláir, Scéime, Beartais nó Nós Imeachta Inmheánaigh, téigh i dteagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht thar ceann na ngrúpaí sainaitheanta don Dualgas i gcleachtadh rannpháirtíoch chun an dréacht-Phlean, Straitéis Bheartais, Clár, Scéim, Beartas nó Nós Imeachta Inmheánach a sheiceáil lena chinntiú go ndeachaigh sé i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí leis na saincheisteanna ábhartha maidir le comhionannas agus cearta an duine.



SDCC

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

South Dublin County Council

Fiagh agus lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar / Find and follow **SDCC** on